



**SAINCHUNTAS POIST**

**Teideal an Phoist:** Timire Díolacháin, Áisíneacht Dáileacháin Leabhar Fhoras na Gaeilge

**Freagrach do:** Clár bhainisteoir, Áisíneacht Dáileacháin Leabhar Fhoras na Gaeilge

**Próifil an Phoist:** Beidh an té a cheapfar freagrach as cúraimí éagsúla a bhaineann le díolachán agus margaíocht leabhair Ghaeilge i gcomhair le foilsitheoirí, siopaí agus Foras na Gaeilge.

**Príomchúraimí**

Cúraimí Straitéiseacha

- Tacú le cur i bhfeidhm chlár oibre na hoifige.
- Forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar spriocanna cuí de réir mar a aontófar leis an gClár bhainisteoir.

Cúraimí Oibríochtúla

- Tacaíocht riaracháin a sholáthar mar bhall den fhoireann.
- Plé go laethúil le foireann Fhoras na Gaeilge, le foilsitheoirí agus le siopaí leabhair maidir le díol agus margaíocht leabhar.
- Comhadchórais a choinneáil.
- Bheith rannpháirteach mar bhall den fhoireann sa Stiúrtóireacht Seirbhísí Corparáideacha.
- Modhanna imeachta éifeachtacha a úsáid chun dualgais dhlite a chur i gcrích.

Cúraimí Pearsanra

- Tuiscint ar thábhacht an phoist maidir le spriocanna foirne a bhaint amach.
- Tuairisciú maidir le cur i gcrích cuspóirí na hoifige.

Cúraimí Cumarsáide

- Freastal ar chruinnithe den fhoireann / stiúrtóireacht.
- Tábhacht na ról mar thúsphointe teagmhála a thuiscint. Bheith in ann an t-eolas agus an treoir chuí a sholáthar.



Eolas Eile

Bunaíodh Áisíneacht Dáileacháin Leabhar (ÁIS) chun foilseacháin Ghaeilge a dháileadh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Cuireann ÁIS seirbhís dáileacháin ar fáil d'fhoilsitheoirí Gaeilge agus cinntíonn soláthar leabhar Gaeilge ar an margadh.

Beidh cúraimí an phoist seo dírithe go príomha ar chustaiméirí miondíola ÁIS, na siopaí leabhair. Beidh an té a ceapfar freagrach asna nithe seo a leanas:

- Gaol a chothú le custaiméirí agus custaiméirí nua a aimsiú.
- Anailís a dhéanamh ar cheannachán na gcustaiméirí.
- Plé rialta leis na foilsitheoirí agus na siopaí maidir le hábhar nua atá ag teacht ar an margadh.
- Cinntiú go bhfuil stoc oiriúnach agus suas chun dáta ar fáil sna siopaí.
- Ábhar margaíochta agus liostaí leabhair oiriúnacha a ullmhú agus a phoibliú.
- Plé le custaiméirí maidir le droch-fiacha.
- Obair riaracháin agus oifige.

Cé go mbeidh an té a cheapfar lonnaithe in oifigí ÁIS i nDún Seachlainn, Co. na Mí, bheadh sé i gceist go mbeadh an timire ar an mbóthar ag bualadh le custaiméirí ar fud an oileáin, suas le trí lá sa tseachtain.

***Tugtar an méid seo thuas mar threoir ghinearálta ar chúraimí agus fhreagrachtaí. Ní cur síos iomlán ar na tascanna uile é.***



**SONRAÍOCHT FAOIN PHEARSA**

**Critéir Riachtanacha**

- Ardchaighdeán Gaeilge agus Béarla, idir scríofa agus labhartha, mar aon le tiomantas don Ghaeilge.
- Taithí ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh le daoine i gcomhthéacs oibre.
- Ardscileanna idirphearsanta mar aon le hardscileanna cumarsáide idir labhartha agus scríofa.
- Taithí ar riarachán, eagrúchán agus obair oifige.
- Taithí ar chlár oibre a phleanáil agus a chur i gcrích as do stuaim féin.
- Taithí phraiticiúil ar fheidhmchláir ríomhaireachta.
- Taithí i dtimpeallacht miondíola ag plé le custaiméirí agus soláthróirí.
- Ceadúnas iomlán tiomána.

**Critéir Inmhianaithe**

- Taithí ar ról an timire díolacháin.
- Taithí ar úsáid uirlísí margaíochta traidisiúnta agus digiteach.
- Cáilíocht margaíochta nó spéis obair i dtreo cáilíocht sa réimse.
- Taithí ar earnáil na leabhar.
- Taithí ar earnáil na foilsitheoireachta Ghaeilge.



**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is iad Foras na Gaeilge (an ghníomhaireacht teanga) agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch (Bord Albainis Uladh) an dá chuid den Fhoras Teanga, an comhlacht teanga Thuaidh/Theas, ceann de na comhlachtaí forfheidhmithe a bunaíodh faoi théarmaí Chomhaontú Bhéal Feirste. Is iad seo a leanas na feidhmeanna reachtúla a sannadh d'Fhoras na Gaeilge:

- An Ghaeilge a chur chun cinn;
- Úsáid na Gaeilge labhartha agus scríofa a éascú agus a spreagadh, sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, sa Tuaisceart áit ar bith a bhfuil ráchairt uirthi;
- Comhairle a thabhairt don dá rialtas, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil dheonach;
- Tabhairt faoi thionscadail tacaíochta, agus deontais i gcabhair a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheastar gá a bheith leo;
- Tabhairt faoi thaighde, faoi fheachtais leis an Ghaeilge a chur chun cinn, agus tabhairt faoi chaidreamh poiblí agus chaidreamh leis na meáin chumarsáide;
- Téarmaíocht agus foclóirí a shaothrú;
- Tacaíocht a thabhairt don Ghaelscolaíocht agus do theagasc na Gaeilge.

Tá 16 bhall ar Bhord Fhoras na Gaeilge, 8 ón Deisceart agus 8 ón Tuaisceart agus, i gcuideachta Bhord Albainis Uladh, is é Bord an Fhorais Teanga Thuaidh/Theas é.

Tá Foras na Gaeilge freagrach don Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (CATT), agus go háirithe don Aire Cultúir, Oidhreacht, agus Gaeltachta agus don Aire Pobal. Tuigeann Foras na Gaeilge, mar chuid den Fhoras Teanga Thuaidh/Theas, go gcaithfidh a chuid cuspóirí agus straitéisí bheith ag cur le polasaí ginearálta an dá rialtas agus cinnteoidh sé, mar sin, go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann leis an dá Roinn chuí, Rúnaíocht na Comhairle Aireachta Thuaidh/Theas, an Roinn Airgeadais agus an Roinn Airgeadais agus Pearsanra. Chomh maith leis sin, cinnteoidh Foras na Gaeilge go bhfuil sé ag cur le ceanglais an Mheamraim Airgeadais agus le hiomlán na gceanglas reachtúil cuí eile sa dá dhlínse.

**Láthair**

Oifigí Fhoras an Gaeilge i nDún Seachlainn láthair an phoist faoi láthair ach is ról timireachta atá i gceist mar sin beidh ar an té a ceapfar a chuid dualgais a chomhlíonadh idir an oifig seo agus ar an mbóthar ag tabhairt cuairteanna ar chustaiméirí.



**Sochair**

Baineann téarmaí agus coinníollacha an phoist seo le ceapachán mar Thimire Díolacháin le hÁisíneacht Dáileacháin Leabhar Fhoras na Gaeilge.

Tuarastal: Is é an raon tuarastail don phost seo ná €28,213 - €47,553\*.

*\*D'fhéadfaí an ráta tuarastail a choigeartú ó am go chéile ar aon dul le beartas pá an Rialtais.*

- Tréimhse an Chonartha: Gan teorainn ach go mbeidh athbhreithniú bliantúil ann;
- Tá úsáid agus costais reatha ghluaisteán ag gabháil leis an ról seo.
- Íocfar coimisiúin leis an timire mar chuid den pacáiste iomlán mar seo a leanas:
  - Íocfar suas le 2% den díolachán iomlán\* mar choimisiúin leis an timire bunaithe ar:
    - feidhmíocht sásúil
    - spriocanna intomhaiste díolachán cruthaithe a bhaint amach
    - spriocanna intomhaiste maidir le bailiú drochfhiacha a bhaint amach

*Aontófar spriocanna intomhaiste ar bhonn ráthúil idir an timire díolachán agus Clár bhainisteoir ÁIS.*

*\*Díolachán iomlán 2018, Circa €900,000*

- Uaireanta Oibre: Post lánaimseartha atá ann agus caithfear bheith i láthair 42 uair (i seachtain de chúig lá). Ceadáítear uair an chloig don lón;
- Beidh tréimhse phromhaidh 6 mhí ón dáta tosaithe i gceist leis an bpost seo agus síneofar an tréimhse sin chuig 10 mhí má mheastar go bhfuil gá leis sin;
- Saoire Bhliantúil: 23 lá (ag dul suas go 24 lá tar éis 5 bliana agus 25 tar éis 10 mbliana, 26 lá tar éis 12 bliain agus 27 tar éis 14 bliain);
- Laethanta Saoire Poiblí: 10 lá;
- Pá Breoiteachta: Suas le 3 mhí ar phá iomlán agus 3 mhí ar leathphá ach gan níos mó ná 6 mhí de phá breoiteachta i dtréimhse 4 bliana ar bith;
- Pinsean: Mar atá ceadaithe ag an CATT;
- Saoire Mháithreachais: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Atharthachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Saoire Uchtála: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;



## Foras na Gaeilge

## Timire Díolacháin

- Saoire Thuismitheoireachta: de réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Fógra faoi Éirí as Post: 5 seachtaine ar a laghad: 13 seachtaine ar a mhéad;
- Aois Scoir: De réir na dteidlíochtaí atá i bhfeidhm ag an am;
- Scor de thairbhe Sláinte: Mar a cheadóidh an CATT;
- Cód Iompraíochta: Mar atá faofa ag an CATT.

*\* Íocfar incrimintí bunaithe ar feidhmíocht shásúil.*

## Ginearálta

Tá fostaithe faoi cheangal ag:

1. **Na Cumhachtaí Reachtúla, na dualgais agus na hoibleagáidí** mar atá leagtha síos in I.R. Uimh.859 1999 Tuaisceart Éireann “North/South Co-Operation (Implementation Bodies) Northern Ireland) Order 1999” agus Airt.1 de “The British-Irish Agreement Act 1999.”
2. **An Meamram Airgeadais** a cheadaigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra agus an Roinn Airgeadais, rud a leagann amach na nósanna imeachta airgeadais agus na socruithe cuntasáíochta don Fhoras Teanga Thuaidh/Theas.